AN GARDA SÍOCHÁNA

# PLEAN PÓILÍNEACHTA ROINN CHIARRAÍ

# 2024









Ag Coinneáil Daoine Sábháilte

**Keeping People Safe**

# Brollach le hOifigeach na Roinne

Tá áthas orm Plean Póilíneachta Bhliantúil Roinne Chiarraí don bhliain 2024 a chur i láthair. Tiomsaíodh an plean seo bunaithe ar an bPlean Náisiúnta Póilíneachta, ar Chlár Riosca na Roinne, ar thuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh agus, tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear CCP Chontae Chiarraí agus fóraim pobail eile. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine as am a chur ar leataobh chun a gcuid dtuairimí agus smaointe a chur chun cinn.

I dtosaíochtaí ár bplean, léirítear tosaíochtaí Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2022-2024 agus ionchais ár bpobail araon. Sa phlean seo againne tugtar dúshlán do gach fostaí an pobal a chur i gcroílár gach a ndéanann siad. Táthar ag súil go rachaidh gach Garda agus gach ball foirne den Gharda Síochána i ngleic go hiomlán le riachtanais ár bpobail agus go gcinnteoidh siad go gcuireann a ngníomhartha le luach na bpobal ar a bhfreastalaímid agus go méadóidh siad sábháilteacht na bpobal siúd.

Táim tiomanta do luachanna gairmiúla amhail seirbhís, macántacht, cuntasacht, meas, gairmiúlacht agus caighdeáin arda eiticiúla a sheasamh, a léiriú agus a chur chun cinn i measc an phearsanra ar fad atá sannta do Rannán Chiarraí agus táim fós tiomanta dár bpríomhchuspóirí, is iad sin an saol agus an mhaoin a chosaint, an tsíocháin a chaomhnú, coireacht a bhrath agus a chosc agus sábháilteacht an phobail a chothabháil.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le baill an Gharda Síochána agus le Foireann an Gharda Síochána a leanann orthu ag obair go dian chun freastal ar riachtanais ár bpobal.

Leanfaidh an Garda Síochána i gCiarraí ar aghaidh ag soláthar seirbhís a bheidh sofhreagrach, iontaofa agus ómósach i ndáil le muintir na háite agus oibreoimid go dian dícheallach chun tú a choinneáil slán inár bpobail i rith 2024.

**Chief Superintendent**
**( Padraic Powell )**

## Conas teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ina bhfuil tú féin – I gcás éigeandála, cuir glaoch i gcónaí ar 999 nó 112

| Ceannfoirt, agus teagmháil oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| Limistéar um Rannpháirtíocht sa Phobal Thrá Lí<br><br>An Ceannfort Paul Kennedy | Trá Lí | 24 uair an chloig | 066 7102300 |
| | Oileán Ciarraí | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Thrá Lí | 066 7141204 |
| | An Fearann Fuar | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Thrá Lí | 066 9764111 |
| | Ard Fhearta | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Thrá Lí | 066 7134133 |
| | Caisleán na Mainge | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Thrá Lí | 066 9767317 |
| | Daingean Uí Chúis (Daingean) | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Thrá Lí | 066 9151522 |
| | Caisleán Ghriaire | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Thrá Lí | 066 7139690 |
| | Abhainn an Scáil | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Thrá Lí | 066 9157102 |
| Limistéar um Rannpháirtíocht sa Phobal Chill Airne<br><br>An Ceannfort Paul Kennedy | Cill Airne | 24 uair an chloig | 064 6671160 |
| | Cill Orglan | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Chill Airne | 066 9790500 |
| | Neidín | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Chill Airne | 064 6641177 |
| | Cathair Saidhbhín | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Chill Airne | 066 9473600 |
| | An Coireán | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Chill Airne | 066 9474111 |
| Limistéar um Rannpháirtíocht sa Phobal Chill Airne<br><br>An Ceannfort Paul Kennedy | Snaidhm | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Chill Airne | 064 6645111 |
| | An Caladh | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Chill Airne | 066 9477102 |
| | Gleann Beithe | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Chill Airne | 066 9768202 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | An Barr Dubh | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Chill Airne | 064 7754002 |
| **Limistéir um Rannpháirtíocht sa Phobal Lios Tuathail**<br><br>**An Ceannfort Paul Kennedy** | Lios Tuathail | 24 uair an chloig | 068 50820 |
| | Baile an Bhuinneánaigh | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Lios Tuathail | 068 27104 |
| | An Baile Dubh | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Lios Tuathail | 066 7131122 |
| | Baile Uí Thaidhg | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Lios Tuathail | 066 7133122 |
| | Leic Snámha | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Lios Tuathail | 066 7132122 |
| | Tairbeart | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Lios Tuathail | 068 36101 |
| | Cnoc na gCaiseal | 10am-1pm - faoi réir oibriú áitiúil na nGardaí - Nó de rogha air sin déan teagmháil le Stáisiún Garda Lios Tuathail - | 068 46102 |
| **Seirbhísí Cosantacha** | Trá Lí | 9am go 5pm | 066 7102330 |
| **Seirbhísí d'Íospartaigh** | Oileán Ciarraí | 9am go 5pm | 066 7163303 |
| **Póilíneacht ar Bhóithre** | Oileán Ciarraí | 9am go 5pm | 066 7163301 |
| **Oifigeach Rannach**<br><br>**An tArd-Cheannfort Padraic Powell** | Trá Lí | 9am go 5pm | 066 7102311 |
| **Rannpháirtíocht sa Phobal**<br><br>**An Ceannfort Paul Kennedy** | Trá Lí | 9am go 5pm | 066 7102355 |
| **Coireacht**<br><br>**Bleachtaire Ceannfoirt Fearghal Pattwell** | Trá Lí | 9am go 5pm | 066 7102316 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Dearbhú Feidhmíochta**<br><br>**An Ceannfort David Callaghan** | Cill Airne | 9am go 5pm | 064 6670181 |
| **Oifigigh éagsúlachta** do Roinn Chiarraí déan teagmháil le do thoil ar 066 7102300 (Trá Lí) / 064 6671160 (Cill Airne) / 068 21000 (Lios Tuathail) | | | |
| Oifigeach um **Chosc ar Choireacht** do Roinn Chiarraí déan teagmháil le do thoil ar 066 7102316 | | | |
| **Imeaglú a Bhaineann le Drugaí** do Roinn Chiarraí déan teagmháil le do thoil ar 066 7102300 | | | |
| **Seirbhísí Gnó**<br><br>**Príomhoifigeach Cúnta** | Riarachán Ginearálta | 9am go 5pm | 066 7102300 |
| | Oifig Airgeadais | 9am go 5pm | 066 7102327 |
| | Acmhainní Daonna | 9am go 5pm | 066 7102344 |
| | Lóistíocht | 9am go 5pm | 066 7102380 |

# 1. Pobal

Leanúint de na naisc le pobail a neartú, ag obair i gcomhpháirtíocht chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar imní i leith shábháilteacht an phobail, lena n-áirítear an dochar a dhéanann drugaí dó | An réiteach fadhbanna i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla agus geallsealbhóirí, rud a fhágann go bhfuil ann nascacht leis an bpobal neartaithe d'fhonn iontaoibh agus muinín a chothú san obair a dhéanann an Gharda Síochána i Rannán Chiarraí chun ár bpobail a choinneáil sábháilte. |
| 1.2 Plé a dhéanamh le gach pobal chun seirbhís póilíneachta a sholáthar atá tuisceanach agus sofhreagrach do riachtanais éagsúla na sochaí | Rannpháirtíocht mhéadaithe le daoine ar fud na bpobal go léir agus go háirithe daoine den phobal ar daoine eitneacha, iargúlta agus imeallaithe iad chun caidrimh a thógáil, a chuireann le muinín agus iontaoibh sa Gharda Síochána maidir le coireacht a thuairisciú. |
| Sprioc na Roinne<br>1.3 Leanúint ar aghaidh ag dul i ngleic leis an gháinneáil ar dhrugaí agus leis an dochar a dhéanann an mhangaireacht drugaí don phobal. | Cosc agus brath ar choireacht drugaí agus imeaglú a bhaineann le drugaí, chun dul i ngleic le héifeachtaí mí-úsáide drugaí agus substaintí inár bpobal trí fhorfheidhmiú feabhsaithe agus trí thacaíocht d'athshlánú lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta. Forbairt agus seoladh an Fhaire Chósta sa Rannáng i gcomhar lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta. |
| Sprioc na Roinne<br>1.4 Tionscnaimh Óige agus Cláir Scoile a chur chun cinn agus a fhorbairt. | Leanúint ar aghaidh ag tógáil caidrimh le daoine óga áitiúla trí chlár Scoileanna an Gharda Síochána agus trí ghradaim Óige an Gharda Síochána. An t-ólachán faoi aois a chosc agus a bhrath i gcomhar le geallsealbhóirí agus oibríochtaí spriocdhírithe. |

## 1. An Obair Rialta a Dhéanaimid leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Cruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta & Sábháilteachta Pobail |  |
| Teagmháil le hionadaithe tofa áitiúla |  |
| Cruinnithe poiblí le grúpaí mionlaigh |  |
| Garda Idirchaidrimh le leithdháileadh ar gach scoil |  |
| Cláir feasachta agus oideachais a reáchtáiltear i Scoileanna |  |
| An Póilíniú Pobail |  |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Cosc ar Choireacht chun tuairisciú ar FuathChoireacht a chur chun cinn |  |
| Coireanna Drugaí - Leanúint ar aghaidh le hOibríocht Tara chun cur isteach ar líonraí gáinneála ar dhrugaí, iad a dhíchóimeáil agus a ionchúiseamh ag gach leibhéal. |  |
| Coireanna Gnó a Chosc |  |
| Teagmháil le geallsealbhóirí pobail |  |
| Teagmháil le Seirbhísí um Fhoréigean Baile áitiúla i leith coireacht foréigin inscne. |  |
| Tionscnaimh rannpháirtíochta pobail dírithe ar an Lánpháirtíocht agus an Éagsúlacht. |  |

# 2. An choireacht a chosc & An Phóilíneacht Choisctheach

Coireanna a Réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus treochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn, ag baint úsáide as cur chuige éifeachtach póilíneachta atá á threorú ag faisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 2.1 Coireanna a aithint go réamhghníomhach, a dhíriú orthu agus a chur isteach orthu ag gach leibhéal, lena n-áirítear cineálacha coireanna nua agus cineálacha coireanna atá ag teacht chun cinn | Fócas réamhghníomhach agus oibríochtaí spriocdhírithe ar choirpigh athchiontóra ag gach leibhéal le cur chuige póilíneachta faisnéis-bhunaithe chun cur lenár gcumas chun coireacht a chosc agus a bhrath. Obair le príomhpháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, i gcomhar le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun straitéisí a fhorbairt mar fhreagra ar láithreacha agus treochtaí coiriúlachta. Infheictheacht mhéadaithe trí fheabhas a chur ar na patróil choireachta reatha le patróil ard-infheictheachta a dhíríonn ar gach cineál iompair phoiblí. |
| 2.2 Ár n-acmhainn agus ár gcumas chun aghaidh a thabhairt ar choireanna a fheabhsú trí chomhordú, trí chomhoibriú agus trí chur chuige faisnéisbhunaithe | Cur chuige póilíneachta eolasbhunaithe a chur i bhfeidhm chun acmhainní a bharrfheabhsú chun coireacht a réamh-mheas, agus freagairt a thabhairt uirthi ag gach leibhéal. |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Patróil & seicphointí ard-fheiceálacha | |
| Comhoibriú le comhpháirtithe inmheánacha/seachtracha ar thionscnaimh um chosc coireachta. | |
| Comhairle um chosc na coireachta a scaipeadh. | PRESS |
| Comhoibriú le comhpháirtithe inmheánacha/seachtracha ar thionscnaimh um chosc coireachta. | PRESS |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Aiseolas ó na Comhchoistí Póilíneachta (CCPanna) |
| Suirbhéanna ar dhearcadh an phobail – Sástacht leis an tseirbhís áitiúil etc. |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Patróil faoi cheilt spriocdhírithe | |
| Láithreacha Achrainne le coireanna a phóilíniú – straitéis laghdaithe i leith ionsaí / ord poiblí. | |
| Tionscnaimh a fhorbairt i gcomhairle le CCPanna. | |
| Oibríochtaí Spriocdhírithe do chionta is mó imní do phobail | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Sonraí seirbhíse anailíse ar shábháilteacht phobail – Ionsaithe, Ord Poiblí, Buirgléireacht, Calaois etc. |
| Feasacht ar an líon Gardaí atá amach ar phatról |

## 3. Íospartaigh & Daoine Soghonta

Dochar a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine soghonta a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 3.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun seirbhísí agus tacaíochtaí cuí a sholáthar d'íospartaigh na coireachta, agus béim ar leith a leagan ar choireacht bhaile, ghnéasach agus inscne | Cur chuige dírithe ar íospartaigh a choinneáil i ndáil leis na himscrúduithe go léir, agus fócas ar leith ar choireacht bhaile, ghnéasach agus inscne. A dheimhniú go mbeidh leibhéil arda teagmhála le híospartaigh na coireachta agus glaonna ar ais go luath ar íospartaigh na mí-úsáide teaghlaigh. |
| 3.2 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Bóithre níos sábháilte a chur chun cinn dár bpobail trí oideachas agus forfheidhmiú i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile chun básanna ar bhóithre agus imbhuailtí tromchúiseacha ar bhóithre a laghdú. |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Go ndéanfaí teagmháil go pearsanta le híospartaigh na mí-úsáide teaghlaigh. | |
| Teagmhais a bhaineann leis an teaghlach le hathbhreithniú neamhspleách ag maoirseoirí | |
| Idirchaidreamh le comhlachtaí reachtúla Tusla & CFA | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Measúnuithe íospartach | |
| Athghlaonna um an drochúsáid teaghlaigh | |
| Freastalaíodh ar chruinnithe le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta inmheánacha agus seachtracha. | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Litreacha íospartaigh curtha ar fáil | |
| Timthriallta caidrimh le grúpaí leochaileacha agus imeallaithe sa phobal | |
| Cionta um shábháilteacht ar bhóithre a bhrath go spriocdhírithe | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Idirchaidreamh le grúpaí leochaileacha agus imeallaithe sa phobal. | |
| Líon na seicphointí Éigeantacha um Meisce (MIT). | |
| FCNanna eisithe tríd an Aip Mobility. | |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus mhuintir an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí ar a leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 4.1 Cur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Forbartha um Sheirbhís Slándála chun cumas agus acmhainn slándála agus faisnéise an Gharda Síochána a neartú | Eolas ar sceimhlitheoirí amhrasta, antoiscigh agus gníomhaithe naimhdeacha sa Rannán a mhéadú trí fhaisnéis fheabhsaithe a bhailiú, chun cur lenár n-acmhainn daoine a bhfuil baint acu leis an antoisceachas agus an sceimhlitheoireacht a aithint agus cur isteach orthu. |
| 4.2 Slándáil an Stáit a chosaint trí oibríochtaí faisnéis-threoraithe ina n-oibritear i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta araon, agus ina sainaithnítear bagairtí sceimhlitheoireachta agus gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus ina gcuirtear isteach orthu siúd | Leanúint ar aghaidh ag obair lenár n-aonaid áitiúla agus náisiúnta chun cur isteach ar sceimhlitheoireacht agus chun bagairtí atá ag teacht chun cinn a mhaolú |

## 5. Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht

Cultúr d'fheabhsú leanúnach a spreagadh agus a chothú, a chuireann le nuálaíocht agus freagrúlacht i leith athruithe.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 5.1 Na struchtúir is gá a dhaingniú chun cumas agus acmhainn ár n-eagraíochta chun athrú a fheabhsú, agus chun tacú le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh | Tacú le riachtanais nuálaíochta agus oiliúna chun seirbhísí dár bpobail a fheabhsú. |
| 5.2 An inbhuanaitheacht a chumasú, a fhorbairt agus a thacú ar fud an Gharda Síochána tríd an Treochlár um an nGhníomhú ar son na hAeráide, 2023-2030 a chur i bhfeidhm | Cur chuige níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de maidir le póilíneacht seachadta, ag laghdú ár lorg carbóin. |

## Cumasóir 1: Comhpháirtíochtaí

Is mór ag an nGarda Síochána gur eagraíocht í atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E1.1 Feabhas a chur ar ár gcumas tacaíochtaí cuí Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, lena gcuirfear ar chumas ár bpearsanra rath a bhaint amach ina ról | Ionad oibre atá cuimsitheach go cultúrtha a chur chun cinn trí thacú le héagsúlachtaí agus trí gach fostaí a nascadh le comhdheiseanna. Oiliúint phearsanta a chur chun cinn agus iarratais ar chúrsaí tríú leibhéal a mholadh agus a thacú |
| E1.2 Tacú le sláinte agus folláine ár bpearsanra trínár Straitéis um Shláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm | Folláine phearsanra uile an Gharda a chur chun cinn, ag spreagadh agus ag cur ar chumas ár ndaoine rochtain a fháil ar thacaíochtaí leasa agus ar sheirbhís chomhairleoireachta. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha a fhorghníomhú agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E2.1 Obair le comhpháirtithe chun cur chuige ildisciplíneach agus 'seirbhís iomlán' a fheabhsú d'fhonn daoine a choinneáil sábháilte | Rannpháirtíocht fheabhsaithe le pobail agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt ar fhadhbanna comhroinnte chun tacú lenár misean daoine a choinneáil sábháilte. |
| E2.2 Deiseanna a iniúchadh, a fhorbairt agus a thapú chun comhoibriú trasna earnálacha ar mhaithe lenár gcur chuige bunaithe ar fhianaise i leith na seirbhíse a neartú | Laethanta Gníomhaíochta an Rannáin a sheoladh i gcomhar lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun ár seachadadh seirbhíse agus ár n-éifeachtacht a neartú. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhá-bhealach a fhorbairt trí bhealaí nua agus reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
| --- | --- |
| E3.1 Rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a neartú tríd an gcumarsáid oscailte spriocdhírithe | Rannpháirtíocht fheabhsaithe leis an gComhchoiste Póilíneachta, Fóraim Pobail agus páirtithe leasmhara seachtracha agus inmheánacha ábhartha chun riachtanais an phobail a aithint. |
| E3.2 Freagra a thabhairt ar an méid a bheidh arna fhoghlaim in Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána | An méid arna fhoghlaim ón Iniúchadh Cultúir a chomhtháthú isteach i gcur chuige athbhreithnithe agus nua chun an trédhearcacht agus tacaíocht do phearsanra an Gharda Síochána a neartú. |

## Cumasóir 4: Cumasú & Muinín

Cultúr cumhachtaithe agus muiníne a chothú, fréamhaithe san ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
| --- | --- |
| E4.1 An t-iompar gairmiúil agus an t-iompar eiticiúil sa Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú | Leanúint le cearta daonna agus cinnteoireacht eiticiúil a chur chun cinn chun gairmiúlacht an phearsanra sa rannán a fheabhsú. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochtúil an Gharda Síochána a rolladh amach | Cur i bhfeidhm leanúnach na Samhla Oibriúcháin agus próisis RACI. |

## Cumasóir 5: An Póilíniú Faisnéis-Láraithe

Seirbhís a chothú atá faisnéis-treoraithe, ag úsáid sonraí agus teicneolaíochta chun éifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
| --- | --- |
| E5.1 Ár bhFís i leith Sonraí agus Teicneolaíocht a chur chun cinn trí chur i bhfeidhm an Treochláir TFC, 2024 | Tacaíocht teicneolaíochta fheabhsaithe do phóilíneacht, a chumasaíonn próiseáil níos tapúla agus cumas feabhsaithe acmhainní a bhainistiú. |
| E5.2 Cáilíocht fheabhsaithe sonraí a ghiaráil chun úsáid na sócmhainní sonraí sa phóilíniú oibriúcháin a leathnú de réir a chéile | Cáilíocht feabhsaithe sonraí chun tacú le cinntí oibríochtúla póilíneachta. |

## Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

| Ainm | Suíomh Gréasáin | Ríomhphost | Teileafón |
|---|---|---|---|
| **Líne chabhrach d'íospartaigh na coireachta** | https://crimevictimshelpline.ie/ | info@crimevictimshelpline.ie | Saorghlao 116006<br><br>Téacs 085 133 7711 (gearrtar táillí caighdeánacha téacs) |
| **Seirbhís Cúnaimh na hÉireann do Thurasóirí (ITAS)** | https://www.itas.ie/ | info@itas.ie | 01 661 0562<br><br>1890 365 700 |
| **ADVIC Abhcóideacht d'Íospartaigh na Dúnbhásaithe, Éire** | https://advic.ie/ | info@advic.ie | 086 127 2156 |
| **Na Samáraigh** | https://www.samaritans.org/ | jo@samaritans.ie | 116 123 (Saorghlao)<br><br>Téacs 087 260 9090 (gearrtar táillí caighdeánacha téacs) |
| **Pieta House** | https://www.pieta.ie/ | info@pieta.ie | 066 71 63660<br><br>1800 247 247 (Líne Chabhrach)<br><br>Cuir HELP i dtéacs chuig 51444 |
| **Jigsaw** | https://jigsaw.ie/ | kerry@jigsaw.ie | 066 7186785 |
| **Tearmann agus Seirbhís Tacaíochta do Mhná, Ciarraí** | https://kerryrefuge.com/ | generalmanager@kerryrefuge.com | 066 71 29100 |
| **Cúnamh do Mhná** | https://www.womensaid.ie/ | info@womensaid.ie | 1800 341 900<br>Líne Chabhrach Saorghlao Náisiúnta |
| **Líne Chabhrach na Leanaí [Childline]** | https://www.childline.ie/ | | 1800 666 666 (Saorghlao)<br>Cuir TALK i dtéacs chuig 50101 |
| **Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí** | https://www.ispcc.ie/ | info@ispcc.ie | 01 234 2000 |
| **CARI Children at Risk in Ireland** | https://www.cari.ie/ | info@cari.ie | 01 830 8529 |
| **Campas Coinneála do Leanaí, Baile an Oibricigh Seirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh** | https://www.oberstown.com/victim-liaison-service/ | vl@oberstown.com | 01 852 6445 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Seirbhís Phríosúin na hÉireann Seirbhís Idirchaidrimh d'Íospartaigh** | https://www.irishprisons.ie/victim-liaison/ | vlo@irishprisons.ie | 043 333 5100 |
| **An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP)** | https://www.dppireland.ie/ | dpp@dpp@ireland.ie | 01 858 8500 |
| **Ionad Éigeandála um Éigniú, Baile Átha Cliath** | https://www.drcc.ie/ | info@rcc.ie | 1800778888 |
| **Ionad Tacaíochta Inimirceach Chill Airne** | https://kasi.ie/ | infor@kasi2000.com | 064 6620705 |

## Icon Bank

| Brí | Icon |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú duine-le-duine |
|  | Ar an bhfón |
|  | Trí Ríomhphost |
|  | Sa phost |
|  | Ar an raidió |
|  | Ar Theilifís |
|  | Ar na meáin shóisialta |
|  | Feachtais sna Meáin Chumarsáide |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Leis na Gardaí, duine-le-duine |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí |
|  | TCI |
|  | Ar chos |
|  | Ar rothar |
|  | Le Carranna |
|  | Ar Ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |

AN GARDA SÍOCHÁNA